# 11 Íocaíochtaí deontais le scoileanna a rialú

**11.1** Leagtar amach in Acht Oideachais 1998 (an tAcht) an creat le haghaidh soláthar oideachais i scoileanna atá aitheanta go reachtúil. Baineann an tAcht le bunscoileanna agus le hiar-bhunscoileanna araon agus leagtar amach ann freagrachtaí an Stáit ó thaobh tacú leis an oideachas de trí bheartas, maoiniú agus sásraí maoirseachta. Is é príomhfhoinse ioncaim scoileanna faoin Acht ná deontais a íocann an Roinn Oideachais agus Óige (an Roinn).

**11.2** Tar éis costais tuarastail agus caipitil, is é maoiniú deontais an costas is airde a iompraíonn an Roinn, arb ionann é agus €708 milliún in 2024.[1] Ó 2015 go 2024, b'ionann an caiteachas iomlán deontais agus thart ar €5.5 billiún. Mhéadaigh luach bliantúil na ndeontas faoi 70% sa tréimhse chéanna.

**11.3** Go ginearálta, is féidir íocaíochtaí deontais do scoileanna a roinnt ina dhá phríomhchatagóir

- deontais in aghaidh an duine, atá nasctha le líon na scoláirí atá cláraithe, arb ionann iad agus maoiniú ginearálta do scoileanna; agus
- deontais atá curtha i leataobh chun críocha sonracha.

## Fócas an scrúdaithe seo

**11.4** Rinneadh an scrúdú seo chun a mheas má tá córas rialaithe leordhóthanach curtha i bhfeidhm ag an Roinn chun íocaíochtaí deontais in aghaidh an duine do scoileanna a bhainistiú agus a chosaint agus chun ligean di earráidí nó mírialtachtaí a chosc agus a bhrath go tráthúil. Déantar iniúchadh sa tuarascáil

- ar na córais agus na rialuithe atá i bhfeidhm ag an Roinn chun íocaíochtaí deontais in aghaidh an duine a chosaint;
- ar fhreagra na Roinne ar chásanna inar n-aithníodh ró-dhearbhú líon na scoláirí atá cláraithe; agus
- ar chreat bainistíochta riosca na Roinne agus na príomhtháscairí feidhmíochta a bhaineann le caiteachas deontas.

**11.5** Rinne an fhoireann imscrúdaithe agallaimh le hoifigigh ábhartha na Roinne, rinne siad obair allamuigh ar an láthair agus scrúdaigh siad doiciméid, córais agus rialuithe. Mura luaitear a mhalairt, baineann na deontais a thuairiscítear thíos le scoileanna atá sa scéim oideachais saor in aisce.[2]


1 Caiteachas deontais faoi fho-cheannteideal A.10 de Vóta 26 Oideachas, dar teideal ‘Deontais (lena n-áirítear caipitíocht) iníoctha le bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, boird oideachais agus oiliúna agus eagraíochtaí agus institiúidí oideachais eile’.

2 Cé go n-íoctar formhór na ndeontas le scoileanna atá rannpháirteach sa scéim oideachais saor in aisce, tá roinnt deontas in aghaidh an duine iníoctha le scoileanna áirithe a ghearrann táillí freisin.

## Caiteachas deontais

**11.6** Ar an meán, is ionann deontais a íoctar ar bhonn in aghaidh an duine agus 91% den chaiteachas deontais foriomlán bliantúil. Léirítear an caiteachas ar dheontais in aghaidh an duine agus líon iomlán na scoláirí cláraithe le deich mbliana anuas i bhFíor 11.1.

**Fíor 11.1 Caiteachas ar dheontais scoile in aghaidh an duine agus líon na scoláirí 2015 go 2024**




Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige agus An Phríomh-Oifig Staidrimh. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Scéimeanna deontais*

**11.7** Ní choimeádtar liosta iomlán de scéimeanna deontais oideachais ná ní bhíonn sé ar fáil go héasca ón Roinn. Dhírigh an scrúdú seo ar cheithre scéim deontais, arb ionann iad agus 72% den chaiteachas deontais in aghaidh an duine in 2024. B'ionann iad agus na deontais seo a leanas

- ***deontais chaipitíochta*** (2024: €251 milliún) le haghaidh chostais reatha laethúla na scoile amhail téamh, soilsiú, glantachán, árachas agus cothabháil ghinearálta;
- ***deontais leabhar*** (2024: €115 milliún) chun costas leabhar scoile do pháistí bunscoile agus do gach scoláire sa tsraith shóisearach ag leibhéal na hiar-bhunscoile a chlúdach;
- ***deontais ó chiste tacaíochta seirbhísí scoile*** (SSSF) (2024: €64 milliún) chun cabhrú le scoileanna na costais a bhaineann le seirbhísí tacaíochta amhail rúnaíocht agus cúram scoile a chomhlíonadh; agus
- ***Deontais TFC*** (2024: €50 milliún) chun cabhrú le scoileanna agus iad ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe.

Leagtar amach na rátaí don bhliain acadúil 2023/24 atá iníoctha faoi na ceithre scéim deontais roghnaithe in Iarscríbhinn 11A.

## Timpeallacht rialaithe airgeadais

### *Córais chlárúcháin*

**11.8** Úsáideann an Roinn dhá chóras lárnacha ar leithligh chun sonraí rollaithe a bhailiú i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna — an Bunachar Sonraí ar Líne do Bhunscoileanna (POD) agus an Bunachar Sonraí ar Líne d’Iar-bhunscoileanna (PPOD). Déanann foirne ar leithligh laistigh den Roinn bainistíocht ar na córais seo agus feidhmíonn siad mar phríomhfhoinse na bhfigiúirí rollaithe a úsáidtear chun deontais bunaithe ar an duine a ríomh.

**11.9** Gach bliain, uaslódáltar tuairisceáin rollaithe na scoileanna go díreach isteach sna córais POD agus PPOD. De réir mar a cheanglaítear le lámhleabhair rialachais na scoile agus le ciorclán 38/2014 na Roinne, ní mór do phríomhoidí/boird bhainistíochta dearbhú a chomhlánú maidir le cruinneas tuairisceán rollaithe na scoile.[1]

*Bailíochtú UPSP*

**11.10** Úsáideann an dá chóras Radharc Aonair Chustaiméara (SCV) faoi láthair chun Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (UPSPanna) a bhailíochtú in aghaidh taifead atá i seilbh na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.[2] Tá SCV in úsáid ar an gcóras POD le naoi mbliana anuas ach níor tugadh isteach sa chóras PPOD é ach i mí Lúnasa 2024.[3] Laghdaíonn bailíochtú UPSP an riosca ar chlárúcháin dhúblacha nó calaoiseacha agus cinntíonn sé go bhfuil go n-aithnítear gach scoláire go huathúil sa chóras.

*Bailíochtú aitheantais an Bhunachair Shonraí Ar Líne*

**11.11** Níl an ceanglas maidir le UPSP éigeantach ar an gcóras POD, agus is féidir scoláirí a chlárú gan an uimhir freisin, ach sloinne réamhphósta na máthar a úsáid. De réir na Roinne tá bunús dlíthiúil aici chun UPSPanna a fháil (faoi ailt 162 agus 266 den Acht Leasa Shóisialaigh 2005). Mar sin féin, tá oibleagáid dhlíthiúil uirthi faoin Acht Oideachais oideachas a chur ar fáil d’aon duine a bhfuil cónaí aige/aici sa Stát.

**11.12** Sa chás go ndiúltaíonn tuismitheoir toiliú a thabhairt chun sonraí linbh a choinneáil ar an gcóras, cruthaítear taifead páirteach ar POD. Déantar monatóireacht ar leithligh ar thaifid pháirteacha an rannóg POD.

**11.13** Ba é 542,379 líon iomlán na scoláirí ar an gcóras POD don bhliain acadúil 2024/2025. Dúirt an Roinn nach raibh ach 217 scoláire ar an gcóras gan ainm ná UPSP don bhliain acadúil 2024/25 agus nach raibh 1,665 scoláire le UPSPanna neamhbhailíochtaithe.

**11.14** I gcás nach bhfuil UPSP bailíochtaithe ag scoláirí ar an gcóras POD, nó i gcás go gcoinnítear toiliú siar chun sonraí an linbh a choinneáil ar an gcóras, déanann rannóg POD na Roinne seiceáil ar ainm cláraithe agus/nó dáta breithe an scoláire le haghaidh dúblála ar an gcóras.[4] Déanann rannóg POD na Roinne fiosrúcháin le scoil an scoláire freisin faoi easpa UPSP nó UPSP neamhbhailíochtaithe.

1 Tá an lámhleabhar rialachais do bhunscoileanna 2023 – 2027 agus an lámhleabhar rialachais do scoileanna pobail agus cuimsitheacha i bhfeidhm. Maidir le gach iar-bhunscoil eile, tá feidhm ag Ciorclán 38/2014.

2 Is feidhmchlár rialtais é Amharc Custaiméara Aonair (SCV) do chomhlachtaí poiblí chun sonraí a fhíorú. Reáchtálann na córais sonraí an ríomhchlár sa chúlra gach oíche tar éis na tuairisceáin rollaithe bhliantúla a chur isteach.

3 Baineadh úsáid as Rialacha Bailíochtaithe Scoláirí chun seiceáil a dhéanamh le haghaidh UPSPanna dúblacha in PPOD sular tugadh SCV isteach.

4 Leagtar amach i gCuid 4.2(d) de Ciorclán 25/2015 na ceanglais atá ar scoileanna maidir le litreacha ó thuismitheoirí ina gcoinnítear toiliú siar le sonraí daltaí a choinneáil ar POD.

### *Bunachar Sonraí Ar Líne Iar-bhunscoile*

**11.15** Ceadaítear clárú scoláirí gan UPSP freisin ar PPOD. Dúirt an Roinn, ó mhí Iúil 2025, nach raibh UPSP taifeadta ag thart ar 10,000 scoláire agus nach raibh UPSPanna bailíochtaithe ag thart ar 4,000 scoláire.[1] Bunaithe ar na figiúirí a cuireadh ar fáil ag an Roinn, is ionann sin agus breis agus 3% de rolluithe scoláirí 2024/2025 (425,411). Is méadú suntasach é seo ar shonraí atá ar iarraidh ó níos lú ná 900 scoláire in 2016. Dúirt an Roinn go laghdóidh na figiúirí le himeacht ama de réir mar a fhíorófar taifid ag baint úsáid as SCV.

**11.16** Ó tugadh SCV isteach in PPOD chun UPSPanna a bhailíochtú, cuireann an rannóg PPOD seiceálacha breise nó próisis mhalartacha ar bun. Mura ndéantar bailíochtú ar uimhreacha UPSP, déanann an rannóg PPOD seiceáil le haghaidh dúblála ar fud an chórais trí chuardach a dhéanamh ar scoláire eile leis an ainm céanna agus ag a bhfuil UPSP bailíochtaithe. Sna cásanna sin, déantar mionsonraí eile amhail sloinne réamhphósta na máthar, dáta breithe agus seoladh a sheiceáil lena chinntiú nach taifead dúblach atá ann. I gcás ina dtugtar faoi deara dúbláil UPSP, cuirtear scoileanna ar an eolas trína leathanach tuirlingthe ar PPOD agus bheifí ag súil go réiteofaí an fhadhb.

**11.17** Déantar seiceálacha bailíochtaithe ar fhaisnéis eile freisin. Tá na córais POD agus PPOD neamhréireach sa chaoi a ndéantar sonraí a bhailíochtú. Déanann an córas POD comparáid idir aois scoláire agus an aois a bhfuiltear ag súil léi don rang ina bhfuil an páiste cláraithe. Mar shampla, cuirtear tuarascáil maidir le heisceacht le chéile má léiríonn an taifead go bhfuil naíonán sóisearach lasmuigh den raon aoise ceithre go sé. I gcodarsnacht leis sin, níl ach riail amháin a bhaineann le haois sa chóras PPOD, is é sin go gcaithfidh leanbh a bheith 12 bliana d’aois nó níos sine an 1 Eanáir sa bhliain a bhfuil siad ag clárú i scoil iar-bhunscoile.

**11.18** Cuirtear scoláirí cláraithe a bhfuil UPSPanna ar iarraidh nó neamhbhailí acu san áireamh agus méideanna deontais iníoctha le scoileanna á ríomh mura léiríonn an scoil a mhalairt.

### *Teorainneacha chomhtháthú na gcóras*

**11.19** Oibríonn na córais POD agus PPOD go neamhspleách agus ní bhíonn idirghníomhaíocht acu lena chéile. Dá bhrí sin, ní féidir scoláirí a d’fhéadfadh a bheith taifeadta ar an dá chóras a ghabháil go huathoibríoch. Mar sin féin, léirigh an Roinn go n-úsáidtear próiseas neamh-uathoibrithe chun an dá chóras a chur i gcomparáid chun críocha cuimsithe sóisialta chun patrúin aistrithe ó bhunscoil go hiar-bhunscoil a ríomh. Le córas comhtháite, bheadh scoláirí a raibh bailíochtú déanta orthu roimhe seo ar an gcóras POD in ann aistriú chuig an gcóras PPOD gan gá le hathbhailíochtú.

### *Tuairisciú maidir le heisceachtaí agus seiceálacha anailíseacha*

**11.20** Tá méid suntasach sonraí ar fáil don Roinn a d’fhéadfaí a úsáid chun tuarascálacha maidir le heisceachtaí a chur isteach i gcórais POD agus PPOD. Tá an cumas ag an dá chóras tuarascálacha den sórt sin a chur ar fáil, ach dheimhnigh an Roinn nach ndéantar na tuarascálacha seo a chur ar fáil de ghnáth.

1 Ní féidir leis an gcóras PPOD tuarascálacha a ghiniúint ach ag pointe ama ar leithligh. Ní áirítear sna figiúirí aon iontrálaí nua do 2025.


**11.21** D'fhéadfadh bratacha uathoibríocha a bheith san áireamh i dtuarascálacha den sórt sin do scoileanna a thuairiscíonn athruithe móra nó neamhghnácha ar rollú i gcomparáid le blianta roimhe sin, nó i gcás ina sáraítear tairseacha rollaithe a mbíonn leithdháiltí suntasacha acmhainní breise mar thoradh orthu amhail poist bhreise múinteoirí nó méaduithe ar dheontais.

**11.22** Dúirt an Roinn go bhfuil obair ar siúl chun sonraí rollaithe fíor-ama a thabhairt isteach.

### *Rialuithe maidir le riarachán na ndeontas*

**11.23** Bhreathnaigh an fhoireann imscrúdaithe ar phróiseáil íocaíochtaí roinnt scéimeanna deontas bunaithe ar an duine chun na creataí rialaithe faoi seach a thuiscint. Thug siad roinnt rialuithe ginearálta faoi deara ar fud na scéimeanna deontais uile (féach Fíor 11.2).

**Fíor 11.2 Creat rialaithe do dheontais bunaithe ar an duine (próiseas ginearálta)**




Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

### *Ríomhanna íocaíochta deontais*

**11.24** Bhí éagsúlacht sna nósanna imeachta ríofa a bhí i bhfeidhm ó rannóg go rannóg. Bhraith cuid acu ar ríomhanna láimhe agus ní raibh doiciméadacht acu ar na seiceálacha uile a tuairiscíodh a rinneadh. Bhain daoine eile úsáid as ríomhanna bunaithe ar fhoirmle agus choinnigh siad fianaise ar na seiceálacha uile. Bhreathnaigh an fhoireann imscrúdaithe ar chur chuige dea-chleachtais maidir le híocaíocht deontas leabhar na sraithe sóisearaí trí fhoirmlí a úsáid le seiceálacha ríofa ionsuite ar an scarbhileog agus fianaise a choinneáil ar na seiceálacha rialaithe go léir.

**11.25** Cuireann rannóga a riarann deontais bunaithe in aghaidh an duine cur chuige neamhréireach i bhfeidhm maidir le figiúirí rollaithe in aghaidh na scoile a chinneadh. Úsáideann cuid acu na figiúirí bailíochtaithe is déanaí a foilsíodh, agus iarrann cuid eile uimhreacha rollaithe nuashonraithe ó fhoirne POD agus PPOD. Cuireann rannóg amháin uimhreacha rollaithe bailíochtaithe ón mbliain acadúil roimhe i bhfeidhm go comhsheasmhach, beag beann ar nuashonruithe. Níl treoir lárnach eisithe ag an Roinn maidir leis na sonraí ba chóir a úsáid chun críocha deontais in aghaidh an duine, rud a fhágann go bhfuil na héagsúlachtaí seo sa chleachtas ann.

**11.26** Níor doiciméadaíodh seiceálacha rialaithe i gcás trí cinn de na scéimeanna deontais in aghaidh an duine, áit arb ionann an caiteachas deontais agus €238 milliún in 2024. Thug an Roinn faoi deara gur gnáthchleachtas é seiceálacha a dhoiciméadú ó mhí Eanáir 2025 i leith.

**11.27** San iomlán, rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar 12 íocaíocht. Thug an fhoireann faoi deara roinnt difríochtaí idir nósanna imeachta oibriúcháin i rannóga éagsúla, mar a léirítear i bhFíor 11.3.

**Fíor 11.3 Difríochtaí ardleibhéil sna nósanna imeachta ar fud cineálacha deontas**

| Cineál deontais (líon arna sampláil) | Modh ríofa | Foinse na sonraí rollaithe a úsáideadh | Doiciméadú ar gach seiceáil rialaithe |
|---|---|---|---|
| Bonneagar TFC (1) | Ríomh láimhe excel[a] | Sonraí rollaithe foilsithe[e] | ✗ |
| Deontas leabhar don tsraith shóisearach (1) | Ríomh bunaithe ar fhoirmle excel | Ríomhphost ó rannóg PPOD le sonraí na bliana roimhe sin | ✓ |
| Deontas leabhar don bhunscoil (1) | Córas-ghinte | Ríomhphost ón rannóg POD le sonraí na bliana reatha | ✓ |
| Caipitíocht — boird oideachais agus oiliúna (2) | Ríomh bunaithe ar fhoirmle excel | Ríomhphost ón rannóg PPOD le sonraí na bliana reatha | ✓ |
| Caipitíocht — bunscoil (4) | Córas-ghinte[b,c] | Sonraí rollaithe foilsithe[e] | ✗ |
| Caipitíocht — iar-bhunscoil (2) | Ríomh bunaithe ar fhoirmle excel | Ríomhphost ón rannóg PPOD le sonraí na bliana reatha | ✗ |
| Ciste Seirbhíse Tacaíochta Scoile (1) | Ríomh bunaithe ar fhoirmle excel[d] | Ríomhphost ón rannóg PPOD le sonraí na bliana reatha | ✓ |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:
a Ríomhtar an ráta ag baint úsáide as foirmlí a iontráiltear de láimh sa scarbhileog.
b Cé gurb é an córas a ghineann ríomh an deontais, ní mór don aonad freagrach sa Roinn (Rannóg Airgeadais na Scoileanna) ríomh a ullmhú chun an ráta caipitíochta ualaithe don bhliain a fháil. Cuirtear é sin isteach sa chóras ríofa deontais ansin.
c Tá ríomh de láimh ag teastáil i ndáil le 38 scoil bheaga (níos lú ná 60 scoláire) a bhfuil ranganna speisialta nó páistí le riachtanais bhreise acu.
d Tugadh faoi deara le linn an athbhreithnithe, gur ullmhaíodh ríomh láimhe i ndáil le líon beag scoileanna a raibh níos lú ná 200 scoláire iontu.
e Tá figiúirí bliantúla rollaithe foilsithe (arna bhfáil ó POD agus PPOD) ar fáil ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh (CSO) suíomh gréasáin — bunscoil agus iarb-bhunscoil.

## Maoirseacht agus monatóireacht ar chomhlíonadh

**11.28** Leagtar amach i lámhleabhar rialachais na mbunscoileanna don tréimhse 2023 – 2027 an tábhacht a bhaineann le scoileanna a bheith cinnte go bhfuil na tuairisceáin rollaithe a chuireann siad chuig an Roinn cruinn. Leagtar amach sa lámhleabhar freisin an fhreagracht atá ar bhoird bhainistíochta chun aon earráid nó aon mírialtacht a shainaithnítear ina dtuairisceáin rollaithe a chur in iúl don Roinn láithreach.

**11.29** Eisíonn an Roinn ciorcláin agus treoir do scoileanna trí ríomhphost.[1] Mar sin féin, ní gá do scoileanna/príomhoidí a admháil go bhfuair siad na ciorcláin ná a dhearbhú go dtuigeann siad iad. De réir na Roinne, cé nach bhfuil aon mheicníocht fhoirmiúil i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh cheanglais na gciorclán, go ndéantar monatóireacht ar chomhlíonadh trí chigireachtaí ina dhiaidh sin ar scoileanna. Ina theannta sin, tugtar maoiniú do chomhlacht bainistíochta na scoile chun cabhrú le scoileanna ábharthacht agus cur i bhfeidhm na gciorclán a thuiscint. Cuireann an tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais (ASTA) treoir ar fáil maidir le ciorcláin a eisítear i gcás inarb infheidhme.

**11.30** Ó 2010, tá 15 chás mírialtachtaí deimhnithe ag an Roinn maidir le huimhreacha rollaithe a tuairiscíodh. Tá roinnt aonad laistigh den Roinn a bhfuil ról acu chun cabhrú leis an Roinn iarracht a dhéanamh an riosca a bhaineann le míchruinneas i dtuairisceáin rollaithe a laghdú.

### *Rannóg Rialachais na Scoileanna*

**11.31** Cuireann Rannóg Rialachais na Scoileanna de chuid na Roinne treoir agus faisnéis ar fáil do scoileanna agus do Bhoird Oideachais agus Oiliúna (BOOnna) maidir le rialachas agus saincheisteanna beartais a théann i bhfeidhm ar bhainistíocht laethúil scoileanna.

**11.32** Chomh maith leis sin, tá Rannóg Rialachais na Scoileanna freagrach as imscrúdú a dhéanamh ar chásanna a chuirtear faoi bhráid na Roinne ina bhfuil amhras faoi mhírialtachtaí rollaithe. Go nuige seo, d'eascair gach imscrúdú faoinar tugadh as faisnéis a cuireadh faoi bhráid na Roinne nó as nochtuithe a rinneadh don Roinn. Níl feidhm iniúchóireachta ag an Rannóg seo i gcomhair rolluithe scoile agus níl clár randamach iniúchóireachta nó clár rialta iniúchóireachta eile i bhfeidhm le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíontacht na scoile i dtaca le tuairisceáin rollaithe.

### *An tAonad um Sheirbhísí Tacaíochta Airgeadais*

**11.33** Bunaíodh ASTA in 2005 chun comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil d'iar-bhunscoileanna maidir le rialachas airgeadais agus socruithe caighdeánaithe le go gcomhlíonfaí ceanglais chuntasaíochta.[2] In 2017, cuireadh le sainchúram an Aonaid le go gcuirfí bunscoileanna san áireamh.

1 Tá ciorcláin na Roinne ar fáil ar shuíomh gréasáin an Rialtais chomh maith An Roinn Oideachais agus Óige.

2 Bíonn gach scoil, seachas scoileanna BOO, faoi shainchúram an Aonaid um Thacaíocht Airgeadais.

**11.34** Déanann ASTA iniúchadh ar roinnt scoileanna gach bliain. Sna hiniúchtaí sin, dírítear go príomha ar ghnéithe den chomhlíonadh airgeadais seachas ar chruinneas na sonraí rollaithe agus is próisis fhrithghníomhacha iad atá bunaithe ar nochtuithe nó ar chomhduithe déanacha. Don scoilbhliain 2024/2025, bhí 46 iniúchadh pleanáilte ag ASTA, agus bhí 41 de na hiniúchtaí sin curtha i gcrích faoi Bhealtaine 2025. Baineann dhá cheann de na 46 iniúchadh, arna cuireadh faoi bhráid ASTA ag Rannóg Rialachais na Scoileanna, le fadhbanna féideartha maidir le tuairisceáin rollaithe agus tá imscrúduithe fós ar siúl ina leith.

### *An Chigireacht*

**11.35** Is í an Chigireacht rannóg na Roinne atá freagrach as measúnú a dhéanamh ar shuíomhanna um fhoghlaim agus cúram na luath-óige, ar bhunscoileanna, ar scoileanna speisialta, ar iar-bhunscoileanna, agus ar lárionaid oideachais.

**11.36** Dúirt an Chigireacht nach ndéanann sí líon na ndaoine atá rollaithe a chomhaireamh nó a fhíorú agus nach ndéanann sí taifid tinrimh a sheiceáil. Ní dhéanann sí athbhreithniú ar an líon daoine atá rollaithe mar chuid de chigireachtaí scoile. Tá ról ag an gCigireacht chun líon na ndaoine atá rollaithe a sheiceáil nuair a iarrtar ag rannóga ábhartha na Roinne (amhail Rialachas Scoileanna) go ndéanfaidh sí amhlaidh i ndiaidh mírialtacht rollaithe a aithint. Mar sin féin, tá sé tugtha faoi deara ag an gCigireacht gurb annamh a n-iarrtar a leithéid agus nár cuireadh isteach aon iarratas mar sin le déanaí.

**11.37** Dúirt an Roinn go bhfuil fáil ag an gCigireacht ar shonraí rollaithe toisc go gcuimsítear iad i gcóras faisnéise bainistíochta na Cigireachta. Ina theannta sin, ní mór do scoileanna foirm a chomhlíonadh mar chuid de chigireachtaí áirithe ina lorgaítear an fhaisnéis rollaithe. Ní dhéanann an Chigireacht an fhaisnéis sin a fhíorú, áfach.

### *Iniúchadh inmheánach*

**11.38** Tugann Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (AII) de chuid na Roinne faoina chuid oibre de réir plean ilbhliantúil iniúchóireachta a fhaomhann Coiste Iniúchóireachta na Roinne ar bhonn bliantúil. Sa phlean reatha iniúchóireachta, clúdaítear an tréimhse idir 2023 agus 2027, leis an dá bhliain sin san áireamh.

**11.39** Thug AII faoi deara go gcuireann próiseas measúnaithe riosca faoinar thug an tAonad bonn eolais faoina phlean. In ainneoin na mírialtachtaí maidir le tuairisceáin rollaithe ó 2010 ar aghaidh, dhearbhaigh AII nach ndearna sé iniúchadh ar phróiseas tuairisceáin an rollaithe scoile go nuige seo.

**11.40** Ó 2022, tá trí thuarascáil ullmhaithe ag AII maidir le deontais in aghaidh an duine

- *Deontais chaipitíochta do scoileanna* (01/2022).
- *Íocaíochtaí deontais um Chomhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh (DEIS) san Aonad um Ionchuimsiú Sóisialta* (04/2023).
- *Deontas mionoibreacha* (06/2023).[1]

1 Faoin deontas mionoibreacha, tugtar íocaíocht shocraithe bhliantúil de €5,500 in aghaidh na scoile, mar aon le suim áirithe in aghaidh an duine.

**11.41** I measc na moltaí comhchoiteanna sna trí thuarascáil, áiríodh na moltaí seo a leanas

- ar gach scarbhileog excel, ba cheart go sonrófaí go soiléir foinse na faisnéise a cuireadh ar fáil ag rannóga eile laistigh den Roinn agus an dáta a fuarthas an fhaisnéis sin.
- ba cheart go mbeadh buanchealla sonraí faoi ghlas i gcónaí i ngach scarbhileog excel.

**11.42** Dar leis an Roinn, chuir lucht bainistíochta laistigh de na rannóga ábhartha in iúl do AII gur cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm. Thug an fhoireann imscrúdaithe faoi deara, áfach, nár sonraíodh go soiléir foinse na faisnéise ná an dáta a fuarthas an fhaisnéis sin ar gach scarbhileog excel i gcónaí, agus nach raibh buanchealla sonraí faoi ghlas i gcónaí i scarbhileoga excel. I ngach cás, áfach, choinnigh na rannóga a bhí ag riar scéimeanna deontais ríomhphoist ó rannóga POD agus PPOD astu féin mar fhoinse na sonraí rollaithe a úsáideadh.

### *Moltaí a fhiosrú*

**11.43** Coinníonn AII rianaire maidir le stádas a chuid moltaí agus téitear i dteagmháil ar bhonn ráithiúil le húinéir sannta an riosca atá freagrach as an moladh sin a chur i bhfeidhm. Thug AII faoi deara nach raibh aon mholadh a bhain le haon cheann de na hiniúchtaí a rinneadh ar dheontais fós le réiteach. De réir nósanna imeachta AII, déantar aon mholadh atá gan réiteach ar feadh breis is bliain amháin a chur ar aghaidh chuig fochoiste ábhartha Bhord Bainistíochta na Roinne.

**11.44** Cé gur dheimhnigh AII nach raibh aon cheann dá mholtaí reatha iniúchta thar téarma, níor cuireadh moladh níos sine amháin (a d’eascair as athbhreithniú a rinneadh in 2012) i bhfeidhm agus ní raibh an moladh sin á rianú mar chuid den phróiseas leantach reatha. Is éard a bhí i gceist leis an moladh sin ná gur cheart tosaíocht a thabhairt do chóras nua TF-bunaithe a fhorbairt chun críocha deontais scoileanna a ríomh, i bhfianaise theorainneacha an chórais reatha TF agus an riosca a bhaineann le scarbhileoga excel a úsáid chun íocaíochtaí deontais a ríomh.

**11.45** I mí Feabhra 2017, bhain AII an moladh sin ón rianaire. Dar leis an Roinn, bhí an Coiste Iniúchóireachta ar an eolas faoin gcinneadh seo, ach níor tuairiscíodh é i miontuairiscí an chruinnithe ó mhí Feabhra 2017. Dúirt an Roinn nach raibh an moladh á rianú a thuilleadh toisc gur ardaíodh go minic é le lucht bainistíochta ábhartha agus nár cuireadh i bhfeidhm é. Ina dhiaidh sin, i dtuarascálacha iniúchóireachta a foilsíodh ina dhiaidh sin in 2017 agus in 2022, tharraing AII aird ar an gcaoi nár cuireadh an moladh i bhfeidhm.

**11.46** Tagann an moladh a rinneadh in 2012 le tuairimí na foirne imscrúdaithe maidir le próisis neamhsheasmhacha ríomha i ndáil le cineálacha éagsúla deontais agus maidir le heaspa seiceálacha doiciméadaithe rialaithe i réimsí áirithe.

*Oibriú i gcomhar le comhlachtaí cáilíochta eile*

**11.47** Níl socruithe comhoibrithe idir AII na Roinne agus soláthróirí cáilíochta inmheánacha eile, amhail feidhm (ar leith) na hiniúchóireachta inmheánaí do na BOOnna, don Chigireacht, do Rannóg Rialachais na Scoileanna nó do ASTA, curtha ar bhonn foirmiúil ag an Roinn. Mar sin féin, thug AII faoi deara go ndéanann sé teagmháil rialta leis na feidhmeanna sin ar fad.

**11.48** Tá an mhaoirseacht scoilte. Dar leis an Roinn, áfach, is é is cúis leis ná gné chasta struchtúir rialachais scoileanna agus líon na struchtúr sin, mar aon le heaspa gníomhaireachta idirghabhálaithe nó struchtúir réigiúnaigh idir an Roinn agus na scoileanna.

**11.49** Dúirt an Roinn nár mhór do cheannasaí fheidhm na hiniúchóireachta inmheánaí oibriú i gcomhar le soláthróirí seirbhísí cáilíochta inmheánacha agus seachtracha faoi na caighdeáin nua iniúchóireachta inmheánaí de chuid Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha, agus tá sé beartaithe ag AII an socrú comhoibrithe sin a chur ar bhonn foirmiúil.


## Mírialtachtaí maidir le taifid rollaithe a bhainistiú

**11.50** Ó 2010, dheimhnigh an Roinn 15 chás ina raibh mírialtachtaí maidir leis an tuairisciú a rinneadh ar líon na ndaoine a bhí rollaithe. Dúirt an Roinn go raibh roinnt céimeanna tógtha aici le deich mbliana anuas a chabhródh leis an riosca a bhaineann le mírialtachtaí rollaithe a laghdú amach anseo. I measc na gcéimeanna sin, áirítear.

- córais um thuairisceáin rollaithe ar líne POD agus PPOD a thabhairt isteach sna blianta acadúla 2015/2016 agus 2016/2017 faoi seach, córais chun bheith in ionad tuairisceáin rollaithe ar páipéar.
- ASTA a bhunú.
- scoileanna a chur ar an eolas, trí mheán ciorclán, gurb é polasaí na Roinne cásanna calaoise amhrasta a thuairisciú don Gharda Síochána.

**11.51** Baineann na cásanna deimhnithe leis na hearnálacha bunscolaíochta agus iar-bhunscolaíochta araon, ach baineann a bhformhór le hearnáil na bunscolaíochta. Tháinig ceithre cinn de na cásanna sin chun cinn nuair a thug an Roinn córais um thuairisceáin rollaithe ar líne isteach (féach Fíor 11.4).

**Fíor 11.4 Cásanna deimhnithe ina ndearnadh áibhéil faoi líon na scoláirí a bhí rollaithe 2010 – 2022[a]**




Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Is ionann an bhliain a léirítear sa tábla thuas agus an bhliain acadúil dheireanach inar tharla an mhírialtacht. Mhair an chuid is mó de chásanna cúpla bliain.

b Taispeántar an ais ar scála logartamach chun dáileadh na háibhéile a rinneadh a léiriú, lena n-áirítear asluiteach amháin (255) in 2016, agus chun infheictheacht fhormhór na gcásanna a choinneáil ag an am céanna (<100).

**11.52** Tá imscrúdú á dhéanamh ar chúig chás eile a bhaineann le scoileanna a bheith ag úsáid na gcóras um thuairisceáin rollaithe ar líne.

**11.53** Nuair a dhéantar calaois amhrasta a thuairisciú agus nuair a thugtar bunús léi, d’fhéadfadh an Roinn dul sa tóir ar aisíocaíocht an deontais bhreise. De réir mheastacháin na Roinne, rinneadh ró-íocaíocht €1.4 milliún i ndáil leis na cásanna deimhnithe. Dúirt an Roinn go gcomhaontaítear an tsuim atá le haisíoc ag scoileanna ar shlí chothrom, réasúnta agus chomhréireach lena chinntiú gur féidir le scoileanna feidhmiú agus oideachas a chur ar fáil do scoláirí. Amhail deireadh na bliana 2024


- aisíocaíodh dhá chás (€53,000).
- níl plean aisghabhála i bhfeidhm i dtrí chás (€128,000).
- tá deich gcás ag céimeanna éagsúla aisghabhála (féach Fíor 11.5).

**11.54** Déanann an Roinn imscrúdú ar gach cás ina bhfuil amhras maidir le mírialtachtaí rollaithe. Dúirt an Roinn nach mór di fáil amach, bunaithe ar an eolas atá ar fáil di, go bhfuil ard-dóchúlacht ann go ndearnadh caolaois sula ndéantar cás a atreorú chuig an nGarda Síochána. Dúirt an Roinn chomh maith go raibh bord scoileanna freagrach as mírialtachtaí a thuairisciú don Gharda Síochana ar an gcéad dul síos.

**11.55** Is iad seo a leanas toradh na n-imscrúduithe a rinneadh i ndáil leis na 15 chás arna ndeimhniú

- Ionchúisithe — ceithre chás
- Rinneadh an cinneadh chun dul don ionchúiseamh — cás amháin
- Rinneadh an cinneadh gan dul don ionchúiseamh — cúig chás
- Imscrúdú an Gharda Síochána fós ar siúl — dhá chás
- Imscrúdú na Roinne amháin — trí chás

**Fíor 11.5** **Méid iomlán na ró-íocaíochtaí agus an tsuim a aisghabhadh ag deireadh na bliana 2024**[a]




Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí: a Tagraíonn an bhliain don bhliain acadúil is déanaí nuair a tharla an mhírialtacht.

b In 2012, bhí dhá chás ann.

**11.56** Tugtar forléargas thíos ar cheithre chás ina ndearnadh ró-íocaíochtaí le déanaí.

**11.57** Ba é an chaoi a ndearnadh áibhéil faoi líon na ndaoine a bhí rollaithe sna ceithre chás sin ná gur úsáideadh faisnéis UPSP de chuid scoláirí a bhí imithe ón scoil nó nár thosaigh ar scoil go fóill. I gcás dhá cheann de na cásanna seo, cuireadh scoláirí idirnáisiúnta san áireamh go míchruinn agus teidlíocht na scoile á ríomh. I gcás cúig cinn de na cásanna atá á n-athbhreithniú ag an Roinn faoi láthair, tugann luath-tháscairí le fios gur úsáideadh modhanna comhchosúla chun áibhéil a dhéanamh faoi líon na scoláirí a bhí rollaithe.

**11.58** Sainaithníodh na cásanna trí nochtuithe cosanta nó trí mheán faisnéis a cuireadh ar fáil don Roinn seachas trí mheán rialuithe na Roinne. Ní cosúil go raibh rialú i bhfeidhm cheana féin in POD nó in PPOD lena chuirfeadh cosc ar na cásanna seo.

**Cás 1 — 2020**

In 2020, fuair an Roinn nochtadh cosanta maidir le mírialtachtaí i dtuairisceáin rollaithe bunscoile. Rinne an Roinn imscrúdú ar an gcás agus, ina dhiaidh sin, cuireadh ar aghaidh chuig an nGarda Síochána é in 2022.

Rinneadh áibhéil faoi thuairisceáin rollaithe agus tuairscíodh ceathrar leanaí sa bhreis. Mar gheall ar an gceathrar leanaí breise seo, bhí an scoil i dteideal acmhainn teagaisc bhreise a choinneáil. Úsáideadh uimhreacha bailí PSP do leanaí a bhí ag freastal ar shaoráid chúraim leanaí go háitiúil, do scoláire a bhí rollaithe suas go rang a 3 ach ansin nár fhill ar an scoil agus do scoláire a d’aistrigh go scoil eile. Sa chás deireanach díobh siúd, bhí an dá scoil ar aon tuairim nach ndéanfaí an leanbh a bhí ag aistriú scoile a chlárú leis an scoil nua le nach n-aimseofaí UPSPanna dúblacha. Ní raibh faic le gnóthú ag an scoil nua ar an scoláire breise seo ach, ar an lámh eile, chaillfeadh an scoil a d’fhág an leanbh post múinteoireachta.

Dúirt an Roinn gur chuir an Garda Síochána ar an eolas í i mí an Mheithimh 2025 go mbeadh an cás á chur os comhair na cúirte. Ríomh an Roinn ró-íocaíocht €32,618. Tá socrú aisghabhála i bhfeidhm leis an scoil, agus, faoi dheireadh na bliana 2024, aisíocadh €19,800 san iomlán.

**Cás 2 — 2020**

I mí Feabhra 2020, cuireadh tús le himscrúdú ar ábhair imní go raibh áibhéil déanta ag iar-bhunscoil ar an líon scoláirí a bhí rollaithe inti. Tháinig an t-amhras seo chun cinn i ndiaidh gnáthchruinniú leis an scoil dhá mhí roimhe nuair a thagair an scoil don líon scoláirí a d’fhreastail uirthi, uimhir nárbh ionann í agus a tuairiscíodh sa tuairisceán bliantúil rollaithe a cuireadh isteach chuig an Roinn.

Thar dhá bhliain acadúil, rinneadh 44 scoláire san iomlán a thaifeadadh go míchruinn ar thuairisceáin rollaithe na scoile. Úsáideadh uimhreacha PSP de chuid scoláirí nach raibh ag freastal ar an scoil (luathfhágálaithe scoile) nó de chuid scoláirí a bhí ag freastal uirthi anois is arís.[1] Ina theannta sin, níor léiríodh scoláirí idirnáisiúnta gearrthéarmacha (ar cuairt) mar scoláirí gearrthéarmacha ar an gcóras.[2]

I mí Eanáir 2021, cuireadh an cás ar aghaidh chuig an nGarda Síochána ach níor tugadh os comhair na cúirte é. Ríomh an Roinn ró-íocaíocht €16,796 a fuarthas thar n-ais ina hiomláine faoi dheireadh na bliana 2024.

**Cás 3 — 2022**

I mí an Mheithimh 2021, fuair an Roinn nochtadh cosanta maidir le mírialtachtaí i dtuairisceáin rollaithe bunscoile. Chuir an Roinn tús le himscrúdú i mí Mheán Fómhair 2021, agus chuir sí an cás ar aghaidh chuig an nGarda Síochána i mí Dheireadh Fómhair 2022.

Rinneadh áibhéil faoi thuairisceáin rollaithe na scoile, agus tuairiscíodh cúigear scoláirí sa bhreis. Úsáideadh uimhreacha bailí PSP do leanaí a bhí ag freastal ar shaoráid chúraim leanaí go háitiúil, do scoláire a d’fhág an scoil, do scoláire a bhí rollaithe sa bhliain acadúil sular cuireadh na tuairisceáin isteach agus do scoláire a bhí ag tabhairt faoi scolaíocht bhaile.

Tá imscrúdú an Gharda Síochána fós ar siúl. Ríomh an Roinn ró-íocaíocht €63,806. Níl aon socrú aisghabhála i bhfeidhm, mar gheall ar fhadhbanna airgeadais a thuairiscigh bord na scoile.

1 Chun críocha deontais, tá scoláire aitheanta ag tabhairt faoi chúrsa faofa agus ní chomhlíonann scoláirí a fhreastalaíonn anois is arís an critéar sin.

2 Déantar scoláirí idirnáisiúnta a thaifeadadh ar an gcóras le huimhir aitheantais dalta seachas le huimhir PSP. Ba cheart go sonródh an scoil ar an gcóras gur scoláirí gearrthéarmacha iad, agus mar sin nach gcuirfí san áireamh iad chun críocha deontais.

**Cás 4 — 2022**

I mí Bhealtaine 2021, fuair an BOO nochtadh cosanta maidir le mírialtachtaí in iar-bhunscoil. Cuireadh tús le himscrúdú i mí Dheireadh Fómhair 2021, agus cuireadh an cás ar aghaidh chuig an nGarda Síochána i mí na Samhna 2022.

Thar dhá bhliain acadúil, rinneadh 70 scoláire a thaifeadadh go míchruinn ar thuairisceáin rollaithe na scoile. Úsáideadh uimhreacha UPSP scoláirí nach raibh ag freastal. Ina theannta sin, cuireadh scoláirí idirnáisiúnta gearrthéarmacha (ar cuairt) san áireamh i líon na scoláirí a bhí rollaithe sa scoil sin.[1]

Tá imscrúdú an Gharda Síochána fós ar siúl. Ríomh an Roinn ró-íocaíocht de €36,407, a fuarthas thar n-ais ina hiomláine faoi dheireadh na bliana 2024.

## Creat bainistíochta riosca

**11.59** Tá liosta leagtha amach ag an Roinn de na príomhrioscaí atá roimpi ar leibhéal corparáideach, mar aon le liosta de na rioscaí níos leithne atá cláraithe ar an gcóras um chlár rioscaí ar líne. Is é Príomhoifigeach gach rannóg atá freagrach as na rioscaí a bhaineann lena rannóg féin.

**11.60** In Samhain 2022, rinne an Roinn an Foras Riaracháin (IPA) a choimisiúnú chun athbhreithniú a dhéanamh ar chóras, ar phróisis agus ar chleachtais na Roinne um bhainistíocht riosca. Tugadh faoi deara sa tuarascáil go mbíonn sé mar aidhm ag creat bainistíochta riosca aibí teagmhais riosca a léiriú agus a thuairisciú le go bhfoghlaimeofar ó na teagmhais sin, agus moladh sa tuarascáil gur cheart go mbeadh an aidhm chéanna ag creat bainistíochta riosca na Roinne.

**11.61** Rinne an fhoireann imscrúdaithe athbhreithniú ar chlár rioscaí na Roinne le haghaidh 2017, 2020 agus 2024. In 2017, ní dhearnadh aon tagairt don riosca a bhain le mírialtachtaí ó thaobh líon na scoláirí ar an rolla de. In 2020 agus 2024, thug an Roinn an riosca seo a leanas faoi deara: bítear ag brath ar fhaisnéis chaoithiúil agus chruinn a fháil ó scoileanna agus ó BOO chun a chinntiú go soláthraítear na deontais/an maoiniú ceart.

**11.62** In ainneoin líon agus cineál na mírialtachtaí deimhnithe idir 2020 agus 2024, níor taifeadadh aon nuashonrú ar chlár rioscaí na Roinne, ar leibhéal corparáideach ná ar leibhéal roinne. Tugann sé sin le fios nár comhtháthaíodh aon toradh a foghlaimíodh ó na cásanna sin isteach i bpróiseas bainistíochta riosca na Roinne.

**11.63** Sainaithníodh laigí ábhartha maidir le rialú i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh freisin. Mar sin féin, ní dhealraíonn sé gur léiríodh na torthaí sin in nuashonruithe ar na cláir rioscaí ábhartha.

### *Úsáid as táscairí riosca agus anailísíocht sonraí*

**11.64** Ní úsáideann an Roinn sonraí rollaithe atá ar fáil faoi láthair mar bhonn eolais dá formhaoirseacht ná dá sprioc maidir lena gníomhaíochtaí monatóireachta. Mar shampla, bíonn faisnéis i seilbh POD agus PPOD maidir leis an gcéatadán scoláirí nach bhfuil uimhreacha PSP bailíochtaithe acu, rud a d'fhéadfadh cuidiú chun aimhrialtachtaí nó eisceachtaí a shainaithint ar fud scoileanna.

1 Déantar scoláirí idirnáisiúnta a thaifeadadh ar an gcóras le huimhir aitheantais dalta seachas le huimhir PSP. Ba cheart go sonródh an scoil ar an gcóras gur scoláirí gearrthéarmacha iad, agus mar sin nach gcuirfí san áireamh iad chun críocha deontais.

11.65 Déanann athruithe beaga ar na huimhreacha ar an rolla difear mór do leithdháiltí deontais m.sh. nuair a théitear os cionn tairseacha áirithe maidir le huimhreacha daltaí d'fhéadfadh scoileanna a bheith i dteideal poist teagaisc bhreise nó deontas caipitíochta méadaithe. Ní bhfuarthas aon fhianaise ar shonraí réamh-mheastach a bheith in úsáid ag an Roinn, cosúil lena réamh-mheastacháin féin maidir leis an líon ar an rolla (bunaithe ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh) chun tuairisceáin scoileanna a sheiceáil nó mar bhonn eolais d'obair chomhlíontachta.

11.66 Mhaígh an Roinn cé go ndéanann a hAonad Pleanála agus Tógála monatóireacht ar an éileamh a bhíonn ar áiteanna scoile gach mí Mheán Fómhair i dtéarmaí pleanáil acmhainneachta (ina n-úsáidtear réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha), go bhfuil teorainn mhór leis an gcineál sin anailíse maidir le réamh-mheastachán a thabhairt ar an líon scoláirí a chuirfear ar an rolla ar leibhéal scoile i ngeall an rogha a bheith ag tuismitheoirí maidir le cá háit a chuirfidh siad a gcuid leanaí ar scoil.

## Monatóireacht ar fheidhmíocht agus Príomhtháscairí Feidhmíochta

11.67 Ní mór do chomhlachtaí poiblí creataí láidre tomhais feidhmíochta agus tuairiscithe a bheith i bhfeidhm acu. Leis sin léirítear trédhearcacht maidir le príomhchláir agus seirbhísí a bheith á seachadadh ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Tá faisnéis feidhmíochta ábhartha in ann cuidiú le heagraíochtaí freisin chun measúnú a dhéanamh ar cé acu má tá maoiniú deontais a cuireadh ar fáil ag baint amach cuspóirí na scéime deontais nó nach bhfuil.

11.68 Dheimhnigh an Roinn nach socraíonn sí príomhtháscairí feidhmíochta ar leith le haghaidh scéimeanna deontais aonair. D'fhéadfaí a áireamh leis an bhfaisnéis feidhmíochta bearta amhail líon na scoileanna ag a bhfuil

- easnamh airgeadais acu.
- a iarrann íocaíochtaí bliantúla ar thuismitheoirí, agus an méid atáthar ag brath ar íocaíochtaí den sórt sin.
- plean na foghlama digití.

11.69 Dúirt an Roinn, i ngeall ar na socruithe rialachais atá i bhfeidhm (áit ina bhfuil an cúram reachtúil ar bhoird bainistíochta as cistí a úsáid i gceart), agus an treoir a sholáthraítear trí chiorcláin, go measann sí gur creat iomchuí atá anseo i gcomhair maoirseachta. Ní dóigh leis an Roinn go bhfuil sé iomchuí ná praiticiúil, sa chóras reatha, príomhtháscairí feidhmíochta sonracha a shocrú ar fud na scoileanna go léir.

## Conclúidí agus moltaí

**11.70** Is iad na deontais a íocann an Roinn Oideachais agus Óige (an Roinn) príomhfhoinse ioncaim na scoileanna. Ní choinnítear liosta iomlán de na scéimeanna deontais atá á riar ag an Roinn faoi láthair agus ní raibh an liosta ar fáil go héasca.

**11.71** Idir 2015 agus 2024, d'íoc an Roinn thart ar €5.5 billiún i maoiniú deontais le scoileanna. Soláthraíodh thart ar 91% den chaiteachas sin ar bhonn in aghaidh an duine, ag úsáid sonraí rollaithe a chuir na scoileanna ar fáil. Tá an Roinn ag brath go mór ar shonraí rolla chun maoiniú deontais a ríomh agus dá bharr leagtar béim ar an ngéarghá atá le rialuithe láidre.

### *Rialuithe an chórais rollaithe agus cáilíocht sonraí*

**11.72** Is iad na scoileanna a chuireann sonraí faoi na daltaí isteach sa dá chóras taifeadta rollaí atá ag an Roinn – an Bunachar Sonraí Ar Líne do Bhunscoileanna (POD) agus an Bunachar Sonraí Ar Líne Iar-bhunscoile (PPOD). Úsáideann an dá chóras iarratas atá in úsáid ar fud an rialtais chun go bhfíoróidh comhlachtaí poiblí sonraí, lena n-áirítear chun UPSPanna a fhíorú in aghaidh na dtaifead atá i seilbh na Roinne Coimirce Sóisialaí agus Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

**11.73** Is féidir gach dalta a shainaithint go sonrach leis an UPSP. Mar sin féin, ní réimse éigeantach é UPSP i gceachtar den dá chóras, ná níl na córais chomhtháthaithe ach an oiread. D'fheabhsódh comhtháthú creat rialaithe na Roinne a bhaineann le híocaíochtaí deontais.

**11.74** Bhí líon na dtaifead de dhaltaí bunscoile nach bhfuil UPSP ná UPSP bailíochtaithe acu an-bheag sa bhliain acadúil 2024/25. Mar sin féin, tháinig méadú mór ar líon na dtaifead de scoláirí iar-bhunscoile nach bhfuil UPSP nó UPSP bailíochtaithe acu go dtí thart ar 14,000 sa bhliain acadúil 2024/25. Sin os cionn 3% de phobal na scoláirí. De bharr na bearnaí sin sa taifead laghdaítear cumas na Roinne uimhreacha dúbailte nó calaoiseacha ar an rolla a shainaithint agus cuirtear isteach ar shláine na sonraí a úsáidtear chun deontais a ríomh.

**11.75** Cuirtear scoláirí cláraithe a bhfuil UPSPanna ar iarraidh nó neamhbhailí acu san áireamh agus méideanna deontais iníoctha le scoileanna á ríomh mura léiríonn an scoil a mhalairt.

**11.76** Thángthas ar éagsúlachtaí san imscrúdú ar an gcaoi a ríomhann rannóga difriúla den Roinn na deontais agus na sonraí maidir leis an rolla a úsáidtear. Níl aon treoir láraithe ann maidir leis na figiúirí ar an rolla atá le húsáid. Tá éagsúlacht ag baint leis na nósanna imeachta atá i bhfeidhm freisin idir na rannóga deontais, agus roinnt rannóg ag úsáid ríomhanna bunaithe ar fhoirmle agus ag coinneáil fianaise de na seiceálacha rialaithe go léir, agus bhí rannóga eile ann nach raibh ag tabhairt futhu sin. Déantar na híocaíochtaí go léir a ríomh agus a choinneáil ar scarbhileoga.

**11.77** Níor tugadh aghaidh ar thoradh ón iniúchadh inmheánach ina gcaitear aird ar laige rialaithe atá ann le fada ina mbítear ag brath ar scarbhileoga chun méideanna deontais a íoctar le scoileanna a ríomh.

### Moladh 11.1

Ba cheart don Roinn tús áite a thabhairt d'fhorbairt córais chomhtháite bunaithe ar TF ar mhaithe le deontais scoile a ríomh.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Tá an Roinn ag déanamh dul chun cinn ar thionscadal agus é ag luathchéimeanna na forbartha. Ó bunaíodh ról an Phríomhoifigigh Faisnéise in 2024 tá deis ann córais chriticiúla agus réitigh dá leithéid a fhorbairt. Tá an tionscadal atá idir lámha dírithe ar chóras TF-bhunaithe chun íocaíochtaí deontas coimhdeach áirithe a ríomh. Beidh an tionscadal sin mar threochlár chun réitigh TF a fhorbairt le haghaidh íocaíochtaí deontais eile.

Úsáidfear é mar threoirthionscadal a ndéanfar athbhreithniú agus meastóireacht air d'fhonn treoir a thabhairt do rolladh amach iomlán íocaíochtaí deontais eile.

Aithníonn an Roinn an tábhacht atá le córais TF-bhunaithe a fhorbairt ar mhaithe le deontais scoile a ríomh agus a riar agus tá sé i gceist aici dul i ngleic leis sin mar thosaíocht. I gcomhthreo leis an obair sin, déanfaidh an Roinn caighdeánú ar phróisis ar fud rannóga atá freagrach as íocaíochtaí deontais chun a chinntiú go n-úsáidtear cur chuige caighdeánaithe le haghaidh sonraí rollaí.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Cuirfear an treoirthionscadal a leagadh amach (céim a haon) i gcrích faoi dheireadh R3 2026. Tar éis athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh (R4 2026), tosófar ar an obair chun córas den chineál céanna a fhorbairt le haghaidh íocaíochtaí deontais eile.

### Moladh 11.2

Ba cheart don Roinn a rialuithe a neartú go ginearálta maidir le híocaíochtaí deontais atá bunaithe in aghaidh an duine trí

- chlár lárnach a fhorbairt agus a choinneáil de na scéimeanna deontais uile.
- mhonatóireacht leanúnach ar thaifid nach bhfuil UPSPanna ag gabháil leo in POD agus PPOD araon.
- chomhtháthú an dá chóras a fhiosrú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Tá an Roinn ag fiosrú roghanna chun clár lárnach scéimeanna deontais a fhorbairt agus a chothabháil.

Aithníonn an Roinn cé go ndéantar monatóireacht agus seiceálacha bailíochtaithe ar UPSPanna in PPOD tá gá le tuilleadh feabhais a chur ar phróisis. Déanfaidh an Roinn iniúchadh ar cé acu atá nó nach bhfuil seiceálacha bailíochtaithe breise comhchosúil le POD, amhail tuarascálacha maidir le heisceachtaí ina gcuirtear aois i gcomparáid le rang, indéanta don PPOD. Aithníonn an Roinn an tábhacht atá le sonraí iomlána agus cruinne a bheith ann agus leanfaidh sí le scoileanna a spreagadh chun UPSPanna a chur ar fáil do gach scoláire atá ar an rolla.

Chuir an Roinn tús le clár oibre ag deireadh 2024 chun na sonraí agus acmhainneachtaí an dá ardán POD agus PPOD a chothú chun cúnamh a thabhairt chun scoláirí a rianú trína n-aistear oideachais ar fad, sa bhunscoil agus san iarbhunscoil araon. Is é is aidhm don chlár oibre sin, ar a dtugtar an clár LearnerPath, faisnéis agus léargas a thabhairt chun cuidiú leis an Roinn beartais a cheapadh agus, i gcás inarb iomchuí, leis an rialtas i gcoitinne.

Trí mheán LearnerPath glacfar cur chuige incriminteach agus solúbtha ‘nascadh, gan ionadú’ trí shamhail atá á spreagadh ag Comhéadan Ríomhchláraithe Feidhmchláir a úsáid chun córais sonraí oideachais atá ann cheana a nascadh. Ciallaíonn sé sin go mbeidh príomhthacair sonraí, in POD agus in PPOD, fós ann ach beidh siad nasctha trí chomhéadain shlána chun amharc níos iomláine a chur ar fáil d’aistear gach foghlaimeora.

Déanfaidh an Roinn imscrúdú ar an gcaoi a d’fhéadfadh tuarascálacha agus próisis bhreise leas níos fearr a bhaint as na sonraí atá ar fáil faoi láthair. Neartóidh an Roinn na próisis bailíochtaithe, lena n-áirítear an úsáid a bhaintear as tuairisciú maidir le heisceachtaí agus bainfear úsáid níos fearr as na torthaí ó thuarascálacha staidrimh.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Beidh clár lárnach na scéimeanna deontais i bhfeidhm ag deireadh R1 2026. Cuirfear LearnerPath i gcrích go hiomlán in 2028.

### *Maoirseacht agus monatóireacht ar chomhlíonadh*

**11.78** Cé go n-eisíonn an Roinn ciorcláin do scoileanna trí ríomhphost, ní iarrtar ar scoileanna admháil a thabhairt go bhfuarthas na ciorcláin sin nó a dhearbhú go dtuigeann siad iad.

**11.79** Tá maoirseacht na Roinne sách scoilte. Ní dhéanann an Chigireacht gnáth-bhailíochtú ar na huimhreacha ar na rollaí le linn dóibh cuairt a thabhairt ar scoileanna, agus ní dhéanann Rannóg Rialachais na Scoileanna aon athbhreithniú ar an láthair. Déanann ASTA iniúchadh ar ghnéithe de chuntais scoileanna, ach ní dhíríonn ach líon teoranta ar rioscaí a bhaineann l líon na scoláirí ar an rolla, agus is iniúchtaí frithghníomhacha iad sin, á spreagadh ag nochtuithe nó ag comhdú déanach a dhéantar.

**11.80** Ní úsáidtear sonraí atá ar fáil don Roinn, amhail rátaí bailíochtaithe UPSPanna, chun treoir a thabhairt do mhaoirseacht scoileanna nó chun scoileanna a roghnú i gcomhair iniúchta. Dá bharr sin, is minic a bhíonn earráidí agus mírialtachtaí ann nach n-aimsítear.

**Moladh 11.3**

Ba cheart don Roinn an mhaoirseacht a neartú trí

- shoiléiriú a thabhairt ar róil inmheánacha chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcomhlíonadh a bhaineann leis an rolla.
- táscairí riosca sonraí rollaithe a úsáid (m.sh. rátaí UPSPanna neamhbhailí) chun tús áite a thabhairt do ghníomhaíocht iniúchta nó athbhreithnithe.
- feabhas a chur ar an gcomhordú idir na rannóga ábhartha den Roinn chun cáilíocht ar fud an chórais a fheabhsú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Tá an Roinn ag cur meitheal le chéile chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhainfear an moladh sin amach.

Trí mhean na meithle déanfar formhaoirseacht ar chaighdeánú na bpróiseas ar fud rannán agus cuirfear feabhas ar oiliúint, féachaint le comhordú níos fearr a bhaint amach chun cáilíocht ar fud an chórais a fheabhsú.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Bunófar an mheitheal i R4 2025 agus cruthófar an chéad aschur faoi R2 2026.

### *Freagra ar mhírialtachtaí agus bainistíocht riosca*

**11.81** Ó 2010, rinne an Roinn imscrúdú ar 15 chás deimhnithe de chalaois a bhain le líon na ndaltaí ar an rolla, agus tá cúig chás eile á n-athbhreithniú faoi láthair. Thug an Roinn tuairisc don Gharda Síochána maidir le 12 chás.

**11.82** Níor aimsíodh na cásanna a sainaithníodh trí rialuithe inmheánacha na Roinne. Fágann an spleáchas sin ar fhoinsí seachtracha chun ró-íocaíochtaí a shainaithint go bhfuil bearna sna rialuithe oibriúcháin agus sa mhaoirseacht choiscitheach.

**Moladh 11.4**

Ba cheart don Roinn athbhreithniú a dhéanamh ar a creat rialaithe reatha chun deontais a íoc ar bhonn in aghaidh an duine chun feabhsuithe agus rialuithe breise a aithint, ar rudaí iad a bhfuil gá leo mar shampla sonraí rollaithe a mheaitseáil le taifid tinrimh nó fianaise a fháil nuair nach mbíonn UPSP ar fáil do scoláirí.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

I measc raon feidhme na meithle atáthar á bunú déanfar measúnú ar na rialuithe breise agus na feabhsúcháin a bheifear in ann a dhéanamh chun an riosca calaoise le híocaíochtaí deontais in aghaidh an duine a laghdú.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

Bunófar an Mheitheal i R4 2025 leis an aschur tosaigh faoi R2, 2026.

**11.83** In ainneoin go bhfuil na rudaí seo ag tarlú arís is arís agus go bhfuil siad ábhartha, níor tugadh cláir rioscaí na Roinne cothrom le dáta chun na rioscaí gaolmhara a léiriú. Tugadh faoi deara in athbhreithniú an Fhorais Riaracháin ar chreat bainistíochta riosca na Roinne gur cheart do chóras aibí teagmhais den sórt sin a ghabháil agus foghlaim uathu, ach ní mar sin atá i gcás chreat bainistíochta riosca na Roinne.

**Moladh 11.5**

Ba cheart don Roinn a cleachtais bainistíochta riosca a bhaineann leis an riosca go dtarlóidh calaois rollaithe a neartú trína

- chinntiú go ndéantar athbhreithniú córasach ar chásanna calaoise deimhnithe agus ar thorthaí ó iniúchtaí inmheánacha agus go n-úsáidtear iad mar bhonn eolais do rátálacha riosca agus do phleananna maolaithe.
- cláir rioscaí a thabhairt cothrom le dáta mar léiriú ar rioscaí a bhaineann le rollú.

**Freagra an Oifigigh Chuntasaíochta**

Aontaítear leis.

Chruthaigh an Roinn post do Phríomhoifigeach Riosca (CRO) in 2024 chun cleachtais bainistíochta riosca a neartú ar fud na Roinne. Tá an Príomhoifigeach Riosca mar cheannródaí maidir le cur chun feidhme na moltaí ó athbhreithniú an Fhorais Riaracháin.

Áirítear leis an gcóras bainistíochta riosca reatha atá i bhfeidhm ar fud na Roinne, mar shampla, nach mór do gach aonad clár riosca leictreonaigh a choimeád agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta, cruinnithe gach sé sheachtain de Choiste Riosca an Bhoird Bainistíochta chun maoirseacht a dhéanamh ar mar atáthar ag comhlíonadh beartas bainistíochta riosca na Roinne agus chun an beartas sin a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is gá, agus tuarascálacha bainistíochta riosca don Bhord Bainistíochta gach ráithe. Chun cur leis sin, tá próiseas teagmhais riosca nó próiseas tuairiscithe riosca ábhartha á fhorbairt. Leis sin ardófar tuilleadh feasachta maidir le rioscaí agus beidh an Bord Bainistíochta in ann measúnú níos fearr a dhéanamh ar na maoluithe atá i bhfeidhm.

Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ar oiliúint nuashonraithe atá dírithe ar bhainistíocht riosca don fhoireann ar fad. Mar chuid den oiliúint sin, meabhrófar do na bainisteoirí, do na húinéirí riosca agus do na haonaid ghnó uile cuntas a choinneáil ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha agus ar chásanna deimhnithe calaoise mar bhonn eolais ag rioscaí, rátálacha rioscaí agus pleananna maolaithe.

Oibreoidh an tAonad Bainistíochta Riosca le húinéirí riosca iomchuí chun a chinntiú go dtugann siad cláir rioscaí chun dáta mar léiriú ar rioscaí a bhaineann le rollú.

**Amlíne le haghaidh cur chun feidhme**

R1 2026.

## Iarscríbhinn 11A Rátaí deontais in aghaidh an duine don bhliain acadúil 2023/24[a]

| | Cineál scoile/deontais[b] | Ráta caighdeánach in aghaidh an scoláire | Cnapshuim in aghaidh na scoile |
|---|---|---|---|
| Caipitíocht[c] | Bunscoil | €200[d] | — |
| | Iar-bhunscoil dheonach | €345 | — |
| | Iarbhunscoil den Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) | €305 | — |
| | Iarbhunscoil phobail agus chuimsitheach | €303.74 | — |
| Leabhair | Deontas leabhar do bhunscoileanna | €80 | — |
| | Deontas leabhar don tsraith shóisearach | €309 | — |
| | Deontas tacaíochta riaracháin[e] | €178.37[f] | — |
| Bonneagar TFC | Bunscoil | €39.73[g] | €2,000 |
| | Bunscoil DEIS | €43.70 | €2,000 |
| | Iar-bhunscoil | €47.68 | €2,000 |
| | Scoil phríobháideach | €23.84 | €1,000 |
| | Iarbhunscoil DEIS | €52.44 | €2,000 |
| SSSF | Meánscoileanna deonacha[h] | €224.50 | — |

Foinse: An Roinn Oideachais agus Óige. Anailís ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nótaí:

a Tá formhór na n-íocaíochtaí i mbliain airgeadais 2024 (m.sh. íocaíochtaí caipitíochta a dhéantar go hiondúil i mí Eanáir agus i Meitheamh) bunaithe ar rátaí acadúla na bliana roimhe, toisc go bhfeidhmíonn scoileanna ar bhliain airgeadais ó Mheán Fómhair – Lúnasa. Ar an gcúis sin, cuirtear rátaí 2023/24 i bhfeidhm toisc nach bhfuil rátaí 2024/25 infheidhme go fóill.

b Íoctar na deontais uile go bliantúil seachas an deontas TFC, atá ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil.

c Is féidir feidhm a bheith ag rátaí caipitíochta méadaithe ar chúiseanna éagsúla, mar shampla, i gcás ina bhfuil scoláirí faoi mhíchumais foghlama nó fhisiceacha nó nuair atá riachtanais bhreise acu.

d Faigheann scoileanna ina bhfuil níos lú ná 60 scoláire íocaíocht ar an mbunús go bhfuil 60 scoláire acu.

e Is féidir deontais tacaíochta riaracháin a úsáid chun duine/daoine a fhostú chun oibriú ar feadh líon sonraithe laethanta (ag brath ar mhéid na scoile) chun obair riaracháin a dhéanamh ar an scéim deontais leabhar.

f Íoctar ráta an deontais tacaíochta riaracháin in aghaidh an lae, agus ní in aghaidh an scoláire. Áirítear leis an ráta laethúil sin a ordaíonn an Roinn pá saoire agus ÁSPC an Fhostóra.

g Tá rátaí deontais níos airde ar fáil do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu.

h I gcás scoileanna a bhfuil níos lú ná 200 dalta acu, íoctar an deontas leo ar an mbunús go bhfuil 200 dalta acu.